Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2021**
**(OR. en, de, pl, fr)**

**13203/21**
**ADD 1 REV 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0361(COD)**

**COMPET 737**
**MI 772**
**JAI 1126**
**TELECOM 388**
**CT 132**
**PI 100**
**AUDIO 98**
**CONSOM 231**
**CODEC 1367**
**JUSTCIV 165**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13203/21 ADD1 REV1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14124/20 + COR1 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE<br>- Cur chuige ginearálta<br>- Ráitis |

## RÁITEAS ÓN DANMHAIRG

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**

Tacaíonn an Danmhairg leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht chun teacht ar chur chuige ginearálta ag Comhairle COMPET an 25 Samhain 2021.

Tríd is tríd, tacaíonn an Danmhairg leis an aidhm fhoriomlán na rialacha cothrománacha lena sainítear freagrachtaí agus oibleagáidí soláthraithe seirbhísí digiteacha, agus ardán ar líne go háirithe, a thabhairt cothrom le dáta.

Is oth go mór leis an Danmhairg, áfach, nach leagtar síos oibleagáidí sa rialachán maidir le freagrachtaí an allmhaireora. Is fadhb é nach bhfuil aon duine san Aontas freagrach i gcásanna ina bhfágann margaí ar líne gur féidir le trádálaithe a dtáirgí agus a seirbhísí a dhíol go díreach ó thríú tíortha le tomhaltóirí na hEorpa. Tá roinnt cásanna ann lena bhfágtar go mbíonn táirgí contúirteacha agus mídhleathacha ag tomhaltóirí na hEorpa agus ina mbíonn siad thíos leis an gcóras atá againn sa lá atá inniu. Dá bhrí sin, leis an díolúine ó dhliteanas fágtar lúb ar lár maidir le hallmhairiú earraí nach gcomhlíonann reachtaíocht an Aontais agus is dochar é sin ní hamháin do chosaint tomhaltóirí, ach d’iomaíochas gnólachtaí Eorpacha freisin. I ndáil leis sin, rinne an Danmhairg gach iarracht rialachán níos uaillmhianaí a bhaint amach trína áirithiú go mbeadh páirtí san Aontas cuntasach i gcónaí as táirgí a thagann isteach i margadh na hEorpa - bíodh na táirgí á ndíol as líne nó ar líne.

Tá súil againn go dtabharfar aird chuí dháiríre ar ár n-iarraidh maidir le freagrachtaí allmhaireoirí le linn chéad chéime eile na caibidlíochta.

Is díol sásaimh don Danmhairg, cé nach n-athraíonn sé seasamh na Danmhairge maidir leis an ábhar seo, na céimeanna a glacadh i Roinn 3A lena gcuirtear oibleagáid ar mhargaí ar líne cloí le ceanglais bhreise chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú agus go mbeidh táirgí sábháilte á ndíol le tomhaltóirí Eorpacha.

## RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

**Rialachán maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**

*Cur chuige ginearálta*

**Ráiteas ó Rialtas idirthréimhsiúil Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine – leagan Gearmáinise —**

Tacaíonn an Ghearmáin leis an téacs a thíolaic an Uachtaránacht d’fhonn teacht ar chur chuige ginearálta sa Chomhairle Iomaíochais ar an 25 Samhain 2021. Go háirithe, is díol sásaimh dúinn inniúlachtaí an Choimisiúin Eorpaigh a bheith á neartú maidir le hardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne a shainaithint, a mhaoirsiú agus a rialú. Leis sin, áiritheofar forfheidhmiú éifeachtach rialacha na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha. Ag an am céanna, agus súil againn ar an gcaibidlíocht atá le déanamh le Parlaimint na hEorpa, cuirimid i dtreis go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe chun éifeachtacht níos fearr fós a áirithiú i leith na hIonstraime sin.

Is den ríthábhachtacht dúinne go gcoinneofaí an t-ardleibhéal cosanta atá ann faoi láthair sa Ghearmáin maidir le leanaí agus daoine óga a chosaint bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus Barúil Ghinearálta Uimh. 25 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le cearta leanaí i ndáil le timpeallacht dhigiteach). I gcás ar bith, ní mór é sin a chinntiú leis na bearta san Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, mar shampla trí bhíthin maoluithe cuí do chaighdeáin níos airde.

Is díol sásaimh don Ghearmáin go mbunaítear leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha sraith aonair rialacha chun ábhar neamhdhleathach ar líne a chomhrac. Mar sin féin, b'fhearr linn rialacha níos uaillmhianaí agus níos ceangailtí ó thaobh an dlí de maidir le hoibleagáidí scriosta, agus maidir leis na tréimhsí scriosta a ghabhann leo, d’ardáin an-mhór ar líne. Ba cheart freisin oibleagáidí tuairiscithe na soláthraithe seirbhísí óstála a shonrú d’údaráis forfheidhmithe dlí agus d’údaráis bhreithiúnacha faoi Airteagal 15ú. Ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit na cionta atá le tuairisciú go mion ar a gcríoch faoi seach a ainmniú. A mhéid a bhaineann le hardáin an-mhór ar líne, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na hoibleagáidí tuairiscithe ina ndlí náisiúnta a leathnú chuig cionta a chuireann an comhphobal daonlathach i mbaol nó a bhfuil tionchar diúltach marthanach acu ar fheidhmiú na saoirse chun tuairimí a nochtadh, sa mhéid is go bhfuil siad sin i gcomhréir le luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tacaímid go láidir freisin le hAirteagal 15 a leathnú chun oibleagáid stórála a chur san áireamh maidir le hábhar neamhdhleathach scriosta.

An chaibidlíocht atá le déanamh le Parlaimint na hEorpa, ba cheart í a úsáid chun cumais forfheidhmiúcháin agus cosaint tomhaltóirí na n-údarás náisiúnta a neartú, lena n-áirítear trí oibleagáidí díchill chuí réamhghníomhacha a thabhairt isteach do sholáthraithe margaí ar líne. Is ar an mbealach sin amháin is féidir leis na húdaráis mhaoirseachta srian éifeachtach a chur ar an méid ollmhór trádála aindleathaí in earraí agus ainmhithe. Thairis sin, molaimid toirmeasc a chur ar thairiscintí anaithnid ainmhithe i margaí ar líne, ó sholáthraithe príobháideacha freisin. Leis an gcaibidlíocht atá le déanamh le Parlaimint na hEorpa, tugtar deis don Aontas Eorpach cuspóirí Mhargadh Glas na hEorpa a chumhdach san Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha. Dá bhrí sin, ba cheart d’ardáin an-mhór ar líne ábhair imní maidir leis an gcomhshaol a chur san áireamh ina measúnuithe riosca. Thairis sin, ba cheart do mhargaí ar líne tuilleadh faisnéise a sholáthar maidir le tomhaltas inbhuanaithe.

Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil ardáin an-mhór ar líne tagtha chun bheith ina n-ardáin díospóireachta poiblí agus ina gcainéal dáileacháin fíor-riachtanach do sholáthraithe seirbhísí meán, ba cheart aird níos mó a thabhairt ar shaoirse agus iolrachas na meán, mar a chumhdaítear sa Chairt. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart socruithe nós imeachta a chur i bhfeidhm chun toirmeasc a chur ar ardáin mhóra ar líne ábhar nó seirbhísí arna soláthar ag soláthraí seirbhíse meán a bhaint, nó cur isteach orthu ar bhealach eile, ar bhonn sáruithe líomhnaithe ar théarmaí agus coinníollacha ginearálta an ardáin gan dul i gcomhairle roimh ré leis an soláthraí seirbhíse meán. Ina theannta sin, is gá béim a leagan in Airteagal 12 nó i bhforáil oiriúnach eile gur cheart go gcuirfí saoirse agus iolrachas na meán san fhoclaíocht agus i gcur i bhfeidhm théarmaí agus choinníollacha ardáin. Ba cheart do na hardáin cód iompair a ghlacadh chun na ceanglais sin a shonrú. Tá imní orainn freisin faoi fheidhmiúlacht struchtúr rialaithe na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha, atá riachtanach chun go n-éireoidh léi. Ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun leas a bhaint as sineirgí leis na hinstitiúidí atá ann cheana (amhail Grúpa na Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA) agus as deiseanna dul i gcomhair leis na hinstitiúidí sin. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach dúinn freisin go gcoinneofaí na sásraí comhair atá ann cheana agus a bhfuil cruthúnas orthu, amhail iad siúd dá dtagraítear sa Mheabhrán Tuisceana arna thabhairt i gcrích ag comhaltaí ERGA. Sa chomhthéacs foriomlán sin, tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go gcaomhnófar inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin.

Ar deireadh, molann an Ghearmáin nach gcumhdaítear stórtha oideachais agus taighde neamhbhrabúis faoin sainmhíniú ar 'ardán ar líne', ós rud é nach mbaineann na stórtha sin leis na rioscaí a bheartaítear aghaidh a thabhairt orthu leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha.

I bhfianaise na caibidlíochta atá le teacht le Parlaimint na hEorpa, tá súil againn go ndéanfar na gnéithe sin a mheas go dáiríre cúramach agus go gcuirfear san áireamh iad san idirphlé atá le déanamh.

## RÁITEAS ÓN bPOLAINN

**Ráiteas ón bPolainn maidir le DSA**

Tacaíonn an Pholainn leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht i ndáil leis an Rialachán maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta ag an gcruinniú a bheidh ag Comhairle COMPET an 25 Samhain 2021.

Cuirimid go mór i dtábhacht, mar sin féin, go gcaithfear feabhsuithe a dhéanamh le go gcumhachtóidh Rialachán DSA go hiomlán tomhaltóirí an Aontais agus lena áirithiú go ndéanfar forálacha DSA a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach.

Ba cheart léiriú soiléir a bheith ann go n-aimsítear, le DSA, an chothromaíocht chuí idir an gá atá le hábhar neamhdhleathach a bhaint den idirlíon go gasta, agus cosaint na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. Ba cheart forálacha follasacha a áireamh in DSA maidir leis an dlínse faoina dtagann na hardáin sin le go mbeadh bearta forfheidhmithe ar bith a úsáidfear éifeachtach leordhóthanach.

Le sásra forfheidhmithe DSA, bunaithe ar phrionsabal na tíre tionscnaimh, ar bunphrionsabal den mhargadh inmheánach é a ngabhann sochair ar leith leis, ó thaobh deiseanna fáis de, do sholáthróirí beaga seirbhísí idirghabhálacha san Aontas, ba cheart rannpháirtíocht iomchuí an Bhallstáit ina bhfuil faighteoirí na seirbhísí sin lonnaithe, a chur san áireamh. Beidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an chinn scríbe in ann eolas luachmhar a chur ar fáil maidir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann agus maidir leis an gcomhthéacs áitiúil sa Bhallstát sin.

Ina theannta sin, ba cheart ionadaíocht leordhóthanach a dhéanamh ar ardáin ollmhóra ar líne agus ar innill ollmhóra chuardaigh laistigh den Aontas Eorpach agus ba cheart bealaí iomchuí cumarsáide dhá threo a leagan síos, go háirithe le húdaráis inniúla na mBallstát uile. Ba cheart, le DSA, a chur d'oibleagáid ar sholáthróirí seirbhísí a dhearbhú, tríd an bpointe teagmhála, go bhfuarthas comhfhreagras.

Ar deireadh, ba cheart forálacha a áireamh i dtéacs DSA lena soiléirítear nach dochar DSA do cheart na bhfaighteoirí nó na ndaoine aonair nó na n-eintiteas lena mbaineann achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh os comhair cúirte nó údaráis riaracháin sa tír ina bhfuil siad lonnaithe, nó ina bhfuil sainchónaí nó buanchónaí orthu, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme sa stát sin.

Táimid muiníneach go gcabhróidh na feabhsuithe cuiditheacha ciallmhara thuasluaite linn teacht ar chomhréiteach sásúil sa chaibidlíocht idirinstitiúideach atá amach romhainn.

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN IODÁIL AGUS ÓN SPÁINN

## RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH MAIDIR LEIS AN IONSTRAIM UM SHEIRBHÍSÍ DIGITEACHA

Tacaíonn an Iodáil agus an Spáinn leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, chun teacht ar chur chuige ginearálta ag Comhairle COMPET an 25 Samhain 2021.

Mar sin féin, cuirimid i dtreis go láidir an gá atá le feabhsuithe ionas nach maolófar an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha le linn na caibidlíochta sa chuid eile den nós imeachta.

Creidimid, mar shampla, go ndéanfar na hoibleagáidí inrianaitheachta dá bhforáiltear in Airteagal 24a do mhargaí ar líne, a leathnú chun a áirithiú gur cheart an rud atá neamhdhleathach as líne a bheith neamhdhleathach ar líne freisin.

Go deimhin, tá gá leis na hoibleagáidí sin chun gnóthaí calaoiseacha a thascradh agus chun stop a chur le scaipeadh ábhair agus táirgí neamhdhleathacha trí sheirbhísí digiteacha éagsúla agus trí iliomad soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, agus rannchuidiú ar an gcaoi sin le timpeallacht dhigiteach shábháilte, thrédhearcach agus iontaofa a chruthú.

Tacaímid, dá bhrí sin leis an méadú ar raon feidhme Airteagal 24a chun soláthraithe seirbhísí óstála, óstáil gréasáin, líonraí seachadta ábhair, clárlanna agus cláraitheoirí freastalaithe ainmneacha fearainn, seirbhísí íocaíochta agus fógraíochta a chumhdach.

Tá muinín againn go dtabharfar aird chuí dháiríre ar an iarraidh sin le linn na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo.

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

**Ráiteas ón Ungáir maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**

Tá sé thar a bheith tábhachtach don Ungáir go ndéanfar saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse cainte shaoránaigh an Aontais a chosaint, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán. Táimid tiomanta, dá bhrí sin, a áirithiú go ndéanfar an Rialachán maidir leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí fós.

Chun go mbeadh na coimircí riachtanacha ann i gcás ina mbainfí ábhar dlíthiúil anuas, ba cheart modhanna a bheith ag na húdaráis náisiúnta chun ordú do na hardáin ábhar dlíthiúil a baineadh a chur ar ais. Ní mór do na hardáin deiseanna sásaimh éifeachtacha a chur ar fáil d'úsáideoirí nuair a chinneann siad ábhar nó próifíl na n-úsáideoirí a bhaint. Maidir leis an méid sin, is den rítábhacht dúinne go mbeadh an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha gan dochar do cheart na n-úsáideoirí imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an chinnidh ó ardán ar líne, os comhair chúirt de chuid na tíre ina bhfuil siad bunaithe, i gcomhréir le dlí náisiúnta na tíre sin.

Is riail bhunúsach ríthábhachtach sa mhargadh aonair é an prionsabal maidir le tír thionscnaimh, a ngabhann leasanna leis ó thaobh timpeallacht rialála intuartha a áirithiú do sholáthraithe beaga seirbhísí idirghabhálacha san Eoraip. Ní thugann sé, áfach, na leasanna sin ar leibhéal shaoránaigh an Aontais. Tá neamhshiméadrachtaí ann i dtaca leis na cearta atá ag soláthraithe ardán ar líne agus ag a n-úsáideoirí agus i dtaca leis na húdaráis phoiblí chomh maith, nach bhfuil na huirlisí is gá acu chun úsáideoirí a chosaint ar cleachtais mhí-úsáideacha. Is measa an fhadhb sin toisc go bhfuil méadú ag teacht ar an líon seirbhísí agus ardán – nach bhfuil bunaithe go dleathach san Aontas – atá ag díriú ar shaoránaigh na mBallstát.

Cé go bhfuilimid ag cloí le prionsabal na tíre tionscnaimh mar riail ghinearálta ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar leasanna dlisteanacha ár dtomhaltóirí.

Chun tomhaltóirí an Aontais a chumhachtú agus chun forálacha na hIonstraime um Sheirbhísí digiteacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach is fiú féachaint an bhféadfaí ról níos gníomhaí a thabhairt do rialtóirí tíortha cinn scríbe sa mhaoirseacht ar ardáin an-mhór agus ar innill chuardaigh ar líne an-mhór. Ceapaimid in a lán cásanna go bhfuil gá le tuiscint dhomhain ar shainiúlachtaí an dlí náisiúnta agus ar an gcomhthéacs soch-chultúrtha chun na cásanna de chleachtais modhnaithe ábhair a thuiscint i gceart agus a láimhseáil.

Tá an Ungáir ag iarraidh mar sin go mbeadh cur chuige níos uaillmhianaí ann chun an leibhéal cosanta is airde a ráthú do chearta tomhaltóirí. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach tá gá le réitigh atá in oiriúint d’éiceachóras eacnamaíoch mear-athraitheach seo na n-ardán, rud a thugann le tuiscint gur gá meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar ár gcroíphrionsabail.

## RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**

Chun teacht ar chur chuige ginearálta ag Comhairle COMPET an 25 Samhain 2021, tacaíonn an Fhionlainn leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht.

Cé go dtacaíonn an Fhionlainn leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht i ndáil leis na forálacha atá beartaithe maidir le smachtbhannaí, tá sé tábhachtach le linn na dtríológ go n-áiritheofar go bhfuil solúbthacht sa téacs ionas go mbeidh na Ballstáit in ann fíneálacha uasta a leagan síos ina reachtaíocht náisiúnta i dtaca le hoibleagáidí eile san Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha.

Ina theannta sin, ba cheart saoirse náisiúnta iomchuí a bheith ag na Ballstáit maidir le fíneálacha riaracháin a thabhairt isteach d'údaráis phoiblí i gcásanna sonracha ina bhféadfaí oibleagáid reachtúil a chur ar údaráis phoiblí seirbhís a chur ar fáil, ar bhonn náisiúnta, a bhféadfaí a shainiú mar sheirbhís idirghabhálach.

## RÁITEAS Ó LUCSAMBURG

**Ráiteas ó Lucsamburg maidir leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus an Ionstraim um Margaí Digiteacha**

Is é is aidhm do na tograí le haghaidh Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus Ionstraim um Margaí Digiteacha (DMA) margadh inmheánach lánfheidhmiúil a chruthú do na húsáideoirí gairmiúla chomh maith leis na tomhaltóirí, lena mbunaítear creat dlíthiúil comhchuibhithe chun an timpeallacht ar líne a dhéanamh níos sábháilte agus cothroime iomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh.

Tacaíonn Lucsamburg go láidir leis an gcuspóir creat soiléir comhleanúnach a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt dhlíthiúil atá ann faoi láthair mar thoradh ar na dlíthe náisiúnta difriúla sna réimsí a chumhdaítear le DSA agus DMA. Mar sin, is féidir le Lucsamburg tacú leis an bpacáiste comhréiteach a rinneadh a chaibidil sa Chomhairle agus a mhol Uachtaránacht na Slóivéine, pacáiste ina bhfuil na heilimintí ar fad is gá chun teacht ar chomhaontú ardcháilíochta le Parlaimint na hEorpa.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht, áiritheoidh Lucsamburg go gcaomhnófar nó go dtreiseofaí fiú sna téacsanna na tairbhí a bhaineann le comhchuibhiú uasta, mar aon le haitheantas frithpháirteach, i gcás inarb iomchuí, agus nach dtabharfar isteach aon mhaolú nua, ná aon deis do rórialáil ná aon tsolúbthacht eile do na reachtóirí náisiúnta ná do na húdaráis náisiúnta. Éileoimid freisin go gcoinneofar leibhéal uaillmhéine na dtograí ón gCoimisiún Eorpach sa mhéid a bhaineann le dálaí timpeallachta sábháilte ar líne chomh maith le rochtain chothrom iomaíoch ar an margadh.

**An Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha**

Chun ardleibhéal slándála ar líne a chruthú, tá cur chuige Eorpach bunriachtanach. Is mór ag Lucsamburg prionsabail na Treorach maidir le tráchtáil leictreonach, go háirithe prionsabal na tíre tionscnaimh, ar gné é de dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh lena ráthaítear nach gá d'fhiontair iad féin a chur in oiriúint do na 27 ndlí náisiúnta éagsúla. Bheadh an méid sin dodhéanta i gcás na bhfiontar beag agus bheadh tionchar fíordhiúltach aige ar dhíolacháin trasteorann. Leis an gcur chuige ginearálta ó Uachtaránacht na Slóivéine, urramaítear an cur chuige sin agus ní mór an méid sin a chaomhnú.

Ar an gcuma chéanna, ó thaobh *forfheidhmiú* de, cuireann Lucsamburg i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhleanúnachas agus aonfhoirmeacht agus na rialacha á gcur i bhfeidhm chun deimhneacht dhlíthiúil a ráthú do na gníomhaithe go léir lena mbaineann. Tá an comhchuibhiú thar a bheith tábhachtach, ní hamháin le haghaidh na rialacha substainteacha féin ach freisin a mhéid a bhaineann lena léiriú agus lena gcur i bhfeidhm. Is de chineál trasteorann iad na seirbhísí digiteacha. Rud fritorthúil a bheadh ann, dá bhrí sin, dá mbeadh ar na 27 n-údarás rialacha DSA a chur i bhfeidhm go comhuaineach i gcás ar leith. Tá Lucsamburg an-sásta gurb í tír bhunaíochta an idirghabhálaí atá freagrach i gcónaí as *forfheidhmiú* rialacha comhchuibhithe DSA, ar bhonn ginearálta, go háirithe a bhuí le dlúthchomhar leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún - ach amháin i gcás na ngníomhaithe an-mhór.

De bhrí gur de chineál uile-Eorpach iad, is díol sásaimh do Lucsamburg, go deimhin, na cumhachtaí eisiacha atá ag an gCoimisiún Eorpach i dtaca leis na ceisteanna sistéamacha trasteorann i ndáil leis na hardáin an-mhóra ar líne (VLOPanna), de réir mar a mholtar sa téacs comhréitigh ó Uachtaránacht na Slóivéine. Tá an réiteach seo i gcomhréir le loighic an chur i bhfeidhm aonfhoirmigh ar an dóigh chéanna leis an sásra *forfheidhmithe* atá bunaithe ar an tír bhunaíochta. Léirítear freisin leis an gcóras seo an cur chuige arna ghlacadh i gcreat DMA, ina sanntar cumhachtaí cur chun feidhme eisiacha don Choimisiún in aghaidh na n*geatóirí* móra digiteacha.

Ar deireadh, tacaíonn Lucsamburg go láidir le cineál cothrománach DSA, ar ionstraim í atá infheidhme maidir le gach saghas idirghabhálaí mar aon le gach saghas ábhair neamhdhleathaigh - mura bhfuil rialacha níos sonraí ann ar leibhéal an Aontais. Ba mhaith linn rabhadh a thabhairt i dtaobh gan ró-ualach a chur ar DSA trína bheith ag brath air chun gach fadhb a bhaineann leis na seirbhísí digiteacha a réiteach, ós rud é go bhfuil roinnt mhaith tionscnamh earnálach ann cheana féin nó go bhfuil a leithéidí sin i mbun forbartha[1]. Níl DSA ag feidhmiú i bhfolús dlíthiúil agus tá feidhm ag an-chuid dlíthe Eorpacha eile freisin, ar glacadh cuid díobh le déanaí, maidir leis na hidirghabhálaithe ar líne. Leanfaidh Lucsamburg de bheith ag áitiú nach dtabharfar díospóireachtaí ó réimsí polaitiúla eile isteach in DSA, ionas go gcoimeádfar rialacha praiticiúla agus go mbeidh an dóchúlacht is mó is féidir ann go nglacfaidh na cómhreachtóirí an togra go pras.

1 An Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar líne, an Treoir maidir le Cóipcheart, Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, agus an Togra le haghaidh Rialachán maidir le Slándáil Ghinearálta Táirgí - gan ach roinnt acu a lua.

**An Ionstraim um Margaí Digiteacha**

Tacaíonn Lucsamburg go hiomlán le cuspóirí DMA lena ndírítear ar mhargaí cothroma a chruthú lena gcuirtear toirmeasc ar iompraíocht éagórach arna déanamh ag na hardáin dhigiteacha cheannasacha. Ba cheart do na hardáin bheaga agus mheánmhéide a bheith in ann dul in iomaíocht leis na *geatóirí* móra chun a gcuid seirbhísí a thairiscint ar bhonn trasteorann agus chun tairbhe iomlán a bhaint as an margadh inmheánach. Tomhaltóirí na hEorpa is mó a thairbheoidh agus rogha fhairsing a bheith ar fáil dóibh sna dálaí is fearr is féidir.

Leis an gcur chuige ginearálta atá ullmhaithe ag Uachtaránacht na Slóivéine caomhnaítear na cuspóirí sin agus déantar cuspóir an chomhchuibhithe a urramú ag an am céanna, go háirithe tríd an tsolúbhthacht atá ag na Ballstáit chun gníomhú ar an leibhéal náisiúnta a shoiléiriú agus a theorannú. Is trí chur chuige Eorpach comhchoiteann agus trí sin amháin is féidir aghaidh a thabhairt ar chumhachtaí na n*geatóirí* ar fud an mhargaidh aonair. Coimeádfaidh Lucsamburg súil ghéar ar chúrsaí ionas nach ndéanfar na cuspóirí sin a chaolú, go háirithe na forálacha cothrománacha lena soiléirítear go bhfuil an lámh in uachtar ag DMA ar an dlí náisiúnta (mar shampla, Airteagal 1(5)).